StudentBounty.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

2010

# Stair

Páipéar 1
Ardsraith

**[G4603]**

G4603

**DÉ CÉADAOIN 2 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **ceithre** cheist.
Freagair **dhá** cheist as réimse **d'ábhair roghnaithe** i Roinn A.
Freagair **dhá** cheist as réimse **d'ábhair roghnaithe** i Roinn B.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gcodanna **(b)** agus **(c)** de na ceisteanna **uile**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.



www.StudentBounty.com

## Roinn A

### A1: An Ghearmáin c1918–c1941

Freagair **dhá** cheist ar bith.

Ba chóir duit tuairim is **30** nóiméad a chaitheamh ar gach ceist.

**1 Poblacht Weimar is ábhar don cheist seo.**

**(a) (i)** Luaigh **dhá** dhóigh a ndeachaigh téarmaí Chonradh Versailles i bhfeidhm ar an Ghearmáin.

**(ii)** Luaigh **dhá** dhóigh a ndeachaigh géarchéim an fhorbhoilscithe i bhfeidhm ar shaol mhuintir na Gearmáine in 1923. [4]

**(b) (i)** Cén dóigh a ndearna Hitler agus na Naitsithe iarracht teacht i gcumhacht i Samhain 1923? [4]

**(ii)** Cén dóigh ar tháinig an Ghearmáin as géarchéim fhorbhoilscithe 1923 faoi 1928? [5]

**(c)** Cén dóigh agus cad chuige ar theip ar na Rialtais Weimar idir Deireadh Fómhair 1929 agus Eanáir 1933?

Úsáid na pointí seo a leanas le do fhreagra a mhíniú:

- Laigí i mBunreacht Weimar
- Gníomhartha Rialtas Weimar, 1929–1933
- Fás na Naitsithe, 1929–1933 [12]



www.StudentBounty.com

**2 An Ghearmáin Naitsíoch is ábhar don cheist seo.**

**(a) (i)** Luaigh **dhá** dhóigh ar bhain na Naitsithe úsáid as bolscaireacht lena smacht ar an Ghearmáin a mhéadú idir 1933 agus 1939.

**(ii)** Luaigh **dhá** dhóigh ar laghdaigh na Naitsithe dífhostaíocht sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939. [4]

**(b) (i)** Cén dóigh ar éirigh le Hitler an smacht a bhí aige ar an Ghearmáin a neartú in 1934? [4]

**(ii)** Cad iad na dóigheanna ar athraigh saol na nGiúdach sa Ghearmáin Naitsíoch idir 1933 agus 1939? [5]

**(c)** Cén dóigh agus cad chuige ar athraigh saol na mban agus saol na ndaoine óga sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939?

Úsáid na pointí seo a leanas le do fhreagra a mhíniú:

- Dearcadh na Naitsithe ar mhná agus ar dhaoine óga.
- Athruithe ar shaol na mban
- Athruithe ar an oideachas agus ar ghrúpaí óige [12]



www.StudentBounty.com

**3 Polasaí na Naitsithe i leith na hEorpa is ábhar don cheist seo.**

**(a) (i)** Luaigh **dhá** fháth ar chuir Hitler trúpaí isteach i nDúiche na Réine in 1936.

**(ii)** Luaigh **dhá** fháth ar shínigh Hitler an Comhaontú Naitsí-Shóivéadach i Lúnasa 1939. [4]

**(b) (i)** Cad iad na dóigheanna ar sháraigh Hitler téarmaí Chonradh Versailles idir 1933 agus 1935? [4]

**(ii)** Cén dóigh a raibh Hitler ábalta an Ostair a ghabháil in 1938? [5]

**(c)** Cén dóigh agus cad chuige a ndearna Hitler iarracht cur leis an talamh a bhí faoi smacht na Gearmáine in 1938 agus 1939?

Úsáid na pointí seo a leanas le do fhreagra a mhíniú:

- An Sudetenland
- An tSeicslóvaic
- An Pholainn [12]



www.StudentBounty.com

## Roinn B

### B2: Caidreamh ag Athrú: An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire c1965–c1985

Freagair **dhá** cheist ar bith.

Ba chóir duit tuairim is **30** nóiméad a chaitheamh ar gach ceist.

**13 Tuaisceart Éireann sna 1960í is ábhar don cheist seo.**

**(a) (i)** Luaigh **dhá** leasú as an Chlár Cúig Phointe a thug O'Neill isteach in 1968.

**(ii)** Luaigh freagairt náisiúnach **amháin** agus freagairt aontachtach **amháin** don Chlár Cúig Phointe a thug O'Neill isteach. [4]

**(b) (i)** Cén dóigh a raibh gluaiseacht na gceart sibhialta ag iarraidh a chinntiú go gcaithfí níos cothroime le Caitlicigh agus le Protastúnaigh i dTuaisceart Éireann idir 1967 agus 1969? [4]

**(ii)** Cén dóigh a raibh O'Neill ag iarraidh geilleagar Thuaisceart Éireann a fheabhsú sna 1960í? [5]

**(c) (i)** Cad chuige agus cén dóigh a ndearna O' Neill iarracht caidreamh is fearr a chothú le náisiúnaithe Thuaisceart Éireann faoi 1967? [6]

**(ii)** Cad chuige agus cén dóigh a raibh dearcthaí difriúla ann i measc aontachtaithe faoi iarrachtaí O'Neill caidreamh is fearr a chothú le Poblacht na hÉireann sna 1960í? [6]



www.StudentBounty.com

**14 An tréimhse díreach roimh Riail Dhíreach is ábhar don cheist seo.**

**(a) (i)** Luaigh fáth **amháin** ar bunaíodh an SDLP agus fáth **amháin** ar bunaíodh Páirtí an Chomhaontais.

**(ii)** Luaigh **dhá** thoradh a d'éirigh as Domhnach na Fola, 30 Eanáir 1972. [4]

**(b) (i)** Cad iad na bearta a thug Forógra Shráid Downing isteach i Lúnasa 1969 le dul i ngleic leis na fadhbanna i dTuaisceart Éireann? [4]

**(ii)** Cén dóigh ar méadaíodh ar an fhoréigean i dTuaisceart Éireann i samhradh 1969? [5]

**(c) (i)** Cad chuige ar bunaíodh an IRA Sealadach agus cén dóigh a ndearna rialtas Thuaisceart Éireann iarracht dul i ngleic leis faoi Lúnasa 1971? [6]

**(ii)** Cén dóigh agus cad chuige ar fhreagair náisiúnaithe d'imtheorannú á thabhairt isteach i Lúnasa 1971? [6]



www.StudentBounty.com

**15 Réiteach á Lorg is ábhar don cheist seo.**

**(a) (i)** Luaigh **dhá** fháth ar shocraigh rialtas na Breataine Stormont a chur ar fionraí in 1972.

**(ii)** Luaigh **dhá** fháth ar shocraigh príosúnaigh phoblachtacha i dTuaisceart Éireann dul ar stailc ocrais go luath sna 1980í. [4]

**(b) (i)** Cad iad na dóigheanna ar fhreagair náisiúnaithe i dTuaisceart Éireann don Stailc Ocrais in 1981? [4]

**(ii)** Cad é mar a d'fhreagair aontachtaithe don Chomhaontú Angla-Éireannach in 1985? [5]

**(c) (i)** Cad chuige agus cén dóigh ar fhreagair aontachtaithe do Riail Dhíreach á tabhairt isteach in 1972? [6]

**(ii)** Cad chuige agus cén dóigh ar theip ar na hiarrachtaí cumhachtroinnt a bhunú i dTuaisceart Éireann in 1973 agus 1974? [6]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---



www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com